

Matamaitic	Meitheal Forbartha Cruinniú 6 Cur Síos Gairid		an 11 Feabhra 2025
Mír ar an gClár	Nótaí		
Miontuairiscí, Nuashonruithe, Rialachas	Aontaíodh na miontuairiscí agus níor cuireadh aon choimhlint leasa in iúl. Chuir an Feidhmeannas i gcuimhne do bhaill daoine a threorú chuig an gcomhairliúchán.		
Torthaí foghlama sa snáithe aontaitheach	Thug an feidhmeannas forbhreathnú ar an tasc, ag díriú ar an dréachtsnáithe aontaitheach. Tugadh sampla a léirigh an chaoi a n-oibríonn an snáithe aontaitheach agus na snáitheanna ábhair le chéile le comhleanúnachas níos fearr ar fud na sonraíochta ar fad a bhaint amach. Bhris an Mheitheal Forbartha isteach i ngrúpaí níos lú. Áiríodh seo a leanas leis an aiseolas iomlánach: <ul style="list-style-type: none"> - D'fhéadfadh an chéad chuid a bheith ann le tuiscint a fháil ar eolas atá ann cheana, príomheolas, réamheolas. D'fhéadfadh léirshamhlú an snáithe seo a dhéanamh níos láidre. - Tá tuilleadh plé le déanamh ar an gcuid ar chruthúnas. Ní mór machnamh a dhéanamh ar cad is cruthúnas ann, lena n-áirítear an ról atá ag cruthúnas foirmiúil agus neamhfoirmiúil. - Ní mór béim a leagan ar an tábhacht a bhaineann le smaointeoireacht loighciúil. - Ní mór idirnaisc laistigh de shnáitheanna agus idir snáitheanna a chur in iúl de réir mar a théann an obair ar aghaidh. D'fhéadfaí seo a nascadh leis an matamaitic sa tsochaí. 		
Snáithe Ábhair 1	Thug an feidhmeannas forbhreathnú ar an tasc atá ann leis an snáithe seo a fhorbairt. Bhris an MF isteach i ngrúpaí beaga agus airíodh seo a leanas san aiseolas iomlánach: <ul style="list-style-type: none"> - Tá sé tábhachtach go bhfuil an cumas ann aon fheidhm nó aon chuar a fhiosrú atá oiriúnach do leibhéal na sraithe sinsearaí. - Ní mór go n-áirítear an líon rialacha, nósanna imeachta nó feidhmeanna atá mar chás speisialta ionas go mbeidh neart spáis agus neart ama ar fáil chun tuiscint dhomhain choincheapúil a bhaint amach. - Mar gheall ar liosta na bhfeidhmeanna sa siollabas reatha, tarlaíonn sé go bpléitear le gach feidhm mar chásanna speisialta scoite. Ba cheart go ndíreodh an tsonraíocht nua ar chumas an scoláire bailiúcháin feidhmeanna a aithint agus a léirshamhlú - Tá sé ríthábhachtach na naisc a dhéanamh idir léirithe éagsúla feidhmeanna chun ligean don scoláire rialacha agus meicnic an chalcalais a fhoghlaim ar bhealach fiúntach - Ní mór tuilleadh plé a dhéanamh ar an oiread comhtháthaithe atá ag teastáil sa tsonraíocht. 		
Na chéad chéimeanna eile	Ghabh an Cathaoirleach buíochas leis na baill as a bheith i láthair agus as a rannpháirtíocht ghníomhach leis an gcruinniú. Déanfaidh an Feidhmeannas athbhreithniú ar an bplé agus ullmhóidh sé dréachtábhair don chéad chruinniú eile		

An Chéad Chruinniú Eile: An 26 Márta 2025, in oifigí CNCM, Port Laoise.